Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Meitheamh 2024
(OR. en)**

**11287/24**

**FISC 140
ECOFIN 731**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle Eorpach |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 10594/24 |
| Ábhar: | Tuarascáil ó Ecofin chuig an gComhairle Eorpach maidir le saincheisteanna cánach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an tuarascáil ó Ecofin chuig an gComhairle Eorpach maidir le saincheisteanna cánach, a d'fhormheas an Chomhairle (Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais) an 21 Meitheamh 2024.

**TUARASCÁIL Ó ECOFIN CHUIG AN gCOMHAIRLE EORPACH MAIDIR LE SAINCHEISTEANNA CÁNACH**

## A. RÉAMHRÁ

1. Tugtar forléargas sa tuarascáil seo ón gComhairle ar an dul chun cinn a rinneadh sa Chomhairle le linn thréimhse Uachtaránacht na Beilge, chomh maith le forléargas ar an staid mar atá i ndáil leis na sainchomhaid is tábhachtaí atá faoi chaibidil i réimse an chánachais. Ullmhaíodh í ar bhonn an phlé a rinneadh sa Mheitheal um Cheisteanna Cánach (Ardleibhéal) lena gcumhdaítear saincheisteanna beartais chothrománacha cánach atá ábhartha ar bhonn straitéiseach, i gcomhréir lena sainordú.

2. Léirítear sa tuarascáil seo an dul chun cinn atá déanta i ndáil le hobair ábhartha na Comhairle agus cumhdaítear inti na saincheisteanna a luaitear i gconclúidí éagsúla ón gComhairle Eorpach ó 2012 i leith[1], an ráiteas ó Chomhaltaí na Comhairle Eorpaí an 25 Márta 2021[2], Conclúidí 2012[3] agus 2016[4] ón gComhairle i réimse CBL, na Conclúidí 2017 ón gComhairle maidir le 'Freagairt do dhúshláin chánachais ar bhrabúis an gheilleagair dhigitigh'[5], na Conclúidí 2020 ón gComhairle maidir le forbairt an chomhair riaracháin amach anseo i réimse an chánachais san Aontas Eorpach[6], mar aon leis na conclúidí ón gComhairle an 27 Samhain 2020 maidir le cánachas cothrom agus éifeachtach i dtráth an téarnaimh, dúshláin chánach a ghabhann leis an digiteáil agus dea-rialachas cánach san Aontas agus níos faide i gcéin[7].

---

1 EUCO 4/3/12 REV 3 (pointí 9 agus 21), EUCO 76/12, EUCO 75/1/13 REV 1, EUCO 14/17 (pointe 11), EUCO 10/20 (pointí A29 agus 147) agus EUCO 13/20.
2 18/21.
3 9586/12.
4 9494/16.
5 15175/17.
6 8482/20.
7 13350/20.

3. Lean Uachtaránacht na Beilge leis an obair maidir le sainchomhaid, lena n-áirítear na tograí a chomhdhéanann an pacáiste 'CBL sa Ré Dhigiteach', an togra maidir le faoiseamh níos tapúla agus níos sábháilte ó chánacha siarchoinneála iomarcacha (FASTER), an t-athbhreithniú ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh, an togra maidir le 'Gnó san Eoraip: Creat le haghaidh Cánachas ioncaim' (BEFIT), an togra maidir le praghsáil aistrithe, an togra maidir le Córas Cánach Ceannoifige, an nuashonrú ar liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach, agus an togra chun cosc a chur ar mhí-úsáid eintiteas caoch chun críoch cánach. Ina theannta sin, lean an uachtaránacht den obair maidir leis an gcaibidlíocht i ndáil le comhar cánach sna Náisiúin Aontaithe bunaithe ar phlé idir na Ballstáit san Aontas.

4. Go sonrach, rinne an Chomhairle an méid seo a leanas:

   a) rinne sí dul chun cinn suntasach maidir leis an bpacáiste CBL sa Ré Dhigiteach;

   b) tháinig sí ar chomhaontú ginearálta i ndáil leis an Treoir ón gComhairle maidir le faoiseamh níos tapúla agus níos sábháilte ó chánacha siarchoinneála iomarcacha;

   c) tháinig sí ar chomhsheasamh don chéad seisiún substainteach den Choiste *ad hoc* chun téarmaí tagartha a dhréachtú i gcomhair Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an gComhar Idirnáisiúnta Cánach;

   d) thug sí dá haire gur lean na Ballstáit den obair ar uathmhalartú faisnéise i réimse an chánachais idir na Ballstáit agus dlínsí nach dlínsí de chuid an Aontais iad;

   e) d'údaraigh sí síniú an Chomhaontaithe lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas agus an Iorua maidir leis an gcomhar riaracháin i réimse CBL;

   f) ghlac sí an Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht chun leasú a dhéanamh ar chúig chomhaontú maidir le malartú uathoibríoch faisnéise faoi chuntais airgeadais chun comhlíonadh cánach idirnáisiúnta a fheabhsú;

   g) rinne sí dul chun cinn maidir leis an athbhreithniú ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh.

h) lean sí den phlé maidir leis an togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid eintiteas caoch chun críoch cánach a chosc; agus

i) lean sí leis an scrúdú ar na tograí le haghaidh Treoir ón gComhairle lena mbunaítear Córas Cánach Ceannoifige le haghaidh micrifhiontar, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide, Treoir ón gComhairle maidir le praghsáil aistrithe agus Treoir ón gComhairle maidir le Gnó san Eoraip: Creat le haghaidh Cánachas Ioncaim (BEFIT).

5. Lean an Mheitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó) freisin dá cuid oibre maidir leis na hábhair éagsúla a thagann faoina sainordú reatha, lena n-áirítear maidir le liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach, mar a leagtar amach sa tuarascáil sé mhí uaithi[8]. Thug an Chomhairle liosta an Aontais cothrom le dáta an uair dheireanach an 20 Feabhra 2024[9].

6. Tá eolas níos mionsonraithe faoi ábhair agus comhaid shonracha ar fáil thíos.

- *Plé ginearálta maidir leis na tosaíochtaí don chéad téarma reachtach eile*

7. Bhí plé ginearálta tosaigh ag an Meitheal Ardleibhéil maidir leis na tosaíochtaí don chéad téarma reachtach eile de chuid an Aontais i réimse an chánachais. Mheabhraigh go leor toscaireachtaí dóibh, agus tagairt á déanamh do chuid mhaith de na conclúidí ón gComhairle a luaitear thuas, gur gá díriú go príomha ar na cuspóirí maidir le seachaint cánach agus imghabháil cánach a chomhrac agus cánachas a dhéanamh simplí agus éifeachtach, agus ar an gcaoi sin an t-ualach riaracháin ar dhaoine aonair, cuideachtaí agus riaracháin chánach a theorannú. Sa chomhthéacs sin, ba dhíol sásaimh ar leith do roinnt toscaireachtaí tionscnaimh chun slacht a chur ar reachtaíocht agus nósanna imeachta riaracháin an Aontais atá ann cheana. Leagadh béim ar an ngá an t-ualach riaracháin a choinneáil chomh híseal agus is féidir agus dóthain ama a thabhairt do na Ballstáit reachtaíocht nua a thrasuí. Mheabhraigh na Ballstáit dóibh freisin a thábhachtaí atá gníomhaíochtaí neamhreachtacha i réimse an chánachais. Ba dhíol sásaimh ról gníomhach cuiditheach na huachtaránachta i gcomhthéacs na Náisiún Aontaithe.

[8] 11151/24.
[9] IO C, 2024/1804, 26.2.2024, lgh. 1-4.

8. Maidir le cánachas díreach, chuir na toscaireachtaí in iúl go raibh siad sásta leis an obair sa Chomhairle, go háirithe agus iad ag tabhairt dá n-aire reachtaíocht an Aontais a glacadh agus an dul chun cinn atá déanta san obair idir-rialtasach le linn an timthrialla reachtaigh reatha. Chuir a lán toscaireachtaí in iúl an t-ualach fíormhór oibre agus na coigeartuithe TF a bhaineann le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm na reachtaíochta lena mbaineann, go háirithe i gcomhair na n-údarás cánach. Dá bhrí sin, chuir na toscaireachtaí i dtreis gur gá díriú ar chur chun feidhme na reachtaíochta a glacadh. Chuir roinnt toscaireachtaí in iúl gurbh fhearr leo an obair ar na tionscnaimh chánach atá ann faoi láthair a thabhairt chun críche ar dtús agus mhol siad go mbeadh na Ballstáit níos rannpháirtí sula seolfaí treoracha nua maidir le cáin. Sa chomhthéacs sin freisin, chuirfí fáilte roimh ghníomhaíochtaí lena simpleofaí riarachán cánach agus comhlíonadh cánach (slacht a chur ar rialacha cánach).

9. Maidir le dleachtanna máil, chuir a lán toscaireachtaí in iúl gur oth leo nár eisíodh go fóill roinnt tograí reachtacha a rabhthas ag súil leo. Mar shampla, níor eisíodh go fóill an togra reachtach a fógraíodh chun leasú a dhéanamh ar Threoir 2011/64/AE maidir le struchtúr agus rátaí na dleachta máil a chuirtear i bhfeidhm ar thobac monaraithe, agus d'iarr roinnt Ballstát an athuair go n-eiseofaí é sa téarma reachtach atá le teacht[10]. D'athdhearbhaigh roinnt toscaireachtaí freisin gur gá leasú a dhéanamh ar Threoir 92/83/CEE maidir le struchtúir dleachtanna máil ar alcól agus deochanna alcólacha a chomhchuibhiú, agus d'iarr cuid acu an athuair go gcuirfí síos togra maidir le hAirteagal 32 de Threoir 2020/262 lena leagtar síos na socruithe ginearálta maidir le dleacht mháil.

10. Maidir le cánacha breisluacha, chuir a lán toscaireachtaí in iúl go raibh siad sásta tríd is tríd leis an obair leanúnach, i bhfianaise na gconclúidí ón gComhairle ó 2020 freisin maidir le cánachas cothrom agus éifeachtach i dtráth an téarnaimh, dúshláin chánach a ghabhann leis an digiteáil agus dea-rialachas cánach san Aontas agus níos faide i gcéin. Mheabhraigh roinnt toscaireachtaí dóibh an gá atá le leasuithe ar na rialacha CBL in earnáil na turasóireachta agus a bhaineann le seirbhísí airgeadais, agus ba dhíol sásaimh do thoscaireachtaí eile an t-athbhreithniú a dhéanfar go luath ar Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 maidir le comhar riaracháin agus comhrac na calaoise i réimse na cánach breisluacha.

---

10 Féach freisin na Conclúidí ón gComhairle maidir le struchtúr agus rátaí na ndleachta máil a chuirtear i bhfeidhm ar thobac monaraithe (8483/20).

## B. REACHTAÍOCHT CHÁNACH AN AONTAIS

### 1) Cánachas Díreach

*a) NÍOS TAPÚLA*

11. An 16 Meitheamh 2023, d'eisigh an Coimisiún togra le haghaidh Treoir ón gComhairle maidir le Faoiseamh Níos Tapa agus Níos Sábháilte ó Fharasbarr Cánacha Siarchoinneálacha ('FASTER')[11]. Tá dhá phríomhchuspóir i gceist leis an togra reachtach sin: tacaíocht a thabhairt do dhea-fheidhmiú Aontas na Margaí Caipitil trí infheistíocht trasteorann a éascú agus cánachas cothrom a áirithiú trí chalaois chánach agus mí-úsáid cánach a chosc sa réimse sin.

12. Ar an gcéad dul síos, is é is aidhm don togra sin nósanna imeachta níos éifeachtúla (agus níos comhchuibhithe) a thabhairt isteach ar fud an Aontais maidir le cásanna faoisimh trasteorann ó chánacha siarchoinneála a thoibhíonn Ballstáit ar ioncam ó urrúis arna dtrádáil go poiblí a shealbhú (díbhinní ar chothromas agus ús ar bhannaí). Faoi láthair, bíonn ualach ag baint leis na nósanna imeachta lena gceadaítear d'infheisteoirí neamhchónaitheacha tairbhiú de chomhaontú cánach nó de shochair intíre, agus bíonn siad costasach, agus tógann siad tamall fada toisc go bhfuil éagsúlacht mhór ag baint leo ar fud na mBallstát i dtéarmaí na ndoiciméad a bheidh le cur isteach ag na cáiníocóirí chun an faoiseamh a fháil ón gcáin shiarchoinneálach agus a mhéid a bhaineann lena leibhéal digitithe.

13. Ar an dara dul síos, tá sé d'aidhm ag an togra aghaidh a thabhairt ar an riosca maidir le caillteanais ioncaim do na Ballstáit – gné atá chomh tábhachtach céanna. D'fhéadfadh riosca calaoise agus mí-úsáide cánach a bheith ag baint le nósanna imeachta faoisimh cánach siarchoinneálaí, mar a léiríodh le sraith nochtaí (mar shampla, na scéimeanna arb é is cuspóir dóibh méid na haisíocaíochta a raibh infheisteoir ina theideal i bhfírinne (*Cum/Cum*) a mhéadú go héagórach nó cásanna ina ndéantar éilimh aisíocaíochta iolracha ar an íocaíocht chéanna (*Cum/Ex*)). Féadfaidh calaois chánach a bheith ann i ngeall ar an easpa faisnéise cruinne atá ar fáil do na húdaráis chánach, mar thoradh ar an leibhéal íseal trédhearcachta laistigh den slabhra airgeadais agus ar an easpa faisnéise maidir le socruithe airgeadais a bhaineann leis an urrús foluiteach a bheith ann.

[11] 10820/23 + ADD 1-5.

14. Eisíodh tuairim an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí an 8 Lúnasa 2023.[12] Tugadh an tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir leis an togra reachtach sin an 13 Nollaig 2023.[13] Eisíodh an tuairim ó Pharlaimint na hEorpa an 28 Feabhra 2024.[14]

15. Léirigh anailís theicniúil a rinneadh ar an togra reachtach sin agus ar an bplé leis na Ballstáit ag cruinnithe na Meithle um Cheisteanna Cánach nár mhór an téacs tosaigh a mhol an Coimisiún a choigeartú sula bhféadfaí é a chur faoi bhráid na Comhairle lena chomhaontú. Dá bhrí sin, rinneadh roinnt leasuithe ar an togra ón gCoimisiún le linn théarmaí Uachtaránacht na Spáinne agus na Beilge.

16. Bheadh na príomhghnéithe seo a leanas sa Treoir nua:

(i) dhá nós imeachta mheara lena bhfeabhsaítear na nósanna imeachta faoisimh cánach siarchoinneálaí reatha atá caighdeánach nó na nósanna imeachta aisíocaíochta:
- 'nós imeachta faoisimh ag an bhfoinse' trína gcuirtear an ráta cánach is infheidhme i bhfeidhm ar dháta íocaíochta na ndíbhinní nó na n-ús;
- 'nós imeachta mear-aisíocaíochta' trína n-asbhaintear an cháin shiarchoinneálach ar dtús ar dháta na híocaíochta ach trína ndeonaítear aisíocaíocht an fharasbairr cánach siarchoinneálaí laistigh de thréimhse thapa.

(ii) deimhniú digiteach coiteann an Aontais maidir le cónaí cánach a mbeadh ar infheisteoirí (cáiníocóirí) é a úsáid chun tairbhe a bhaint as na nósanna imeachta meara sin;

(iii) clár agus oibleagáidí tuairiscithe caighdeánaithe d'idirghabhálaithe airgeadais. D'áiritheofaí le clárú nach féidir ach le hidirghabhálaithe airgeadais deimhnithe iarratas a dhéanamh ar fhaoiseamh cánach siarchoinneálaí thar ceann a gcliant trí na nósanna imeachta meara. Le tuairisciú caighdeánaithe, dhéanfaí na príomhcheanglais chomhlíontachta sa réimse sin a chomhchuibhiú ar fud an Aontais agus leis sin bheadh an fhaisnéis fhíor-riachtanach ar fad ag na húdaráis chánach chun an incháilitheacht le haghaidh faoiseamh cánach siarchoinneálaí a sheiceáil, chun na híocaíochtaí ábhartha a rianú agus chun mí-úsáid chánach nó calaois chánach a d'fhéadfadh a bheith ann a sheachaint.

12 IO C, C/2023/897, 13.11.2023; 12427/23.
13 IO C, C/2024/1580, 5.3.2024; 8961/24.
14 P9_TA(2024)0102.

17. Mar a fógraíodh ag an gcruinniú den Mheitheal um Cheisteanna Cánach (Ardleibhéal) an 7 Feabhra 2024, tá tús áite tugtha ag Uachtaránacht na Beilge don obair ar an gcomhad seo agus é mar chuspóir teacht ar chomhaontú sa Chomhairle. Tionóladh sé chruinniú den Mheitheal um Cheisteanna Cánach le linn théarma Uachtaránacht na Beilge (an 24 agus 25 Eanáir, an 21 Feabhra, an 15 Márta, an 16 Aibreán agus an 2 Bealtaine 2024 (Ardleibhéal)).

18. Ag an gcruinniú a bhí aici an 14 Bealtaine, tháinig an Chomhairle (Ecofin) ar chur chuige ginearálta maidir le téacs na dréacht-treorach[15], d'fhonn an Treoir a ghlacadh, ach dul i gcomhairle an athuair le Parlaimint na hEorpa agus athbhreithniú dlítheangeolaíoch a dhéanamh.

*b) <u>Mí-úsáid eintiteas caoch</u>*

19. An 22 Nollaig 2021, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid eintiteas caoch chun críoch cánach a chosc agus lena leasaítear Treoir 2011/16/AE (an togra maidir le mí-úsáid eintiteas caoch)[16].

20. Is é cuspóir an togra seachaint cánach agus imghabháil cánach a chosc trí ghníomhaíochtaí a dhéanann eintitis nach bhfuil tábhacht íosta acu, agus feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú. Is é is aidhm don togra dul i ngleic le mí-úsáid eintiteas caoch chun críoch cánach míchuí agus a áirithiú nach bhféadfaidh cuideachtaí caocha san Aontas nach bhfuil aon ghníomhaíocht eacnamaíoch acu nó a bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch íosta acu tairbhe a bhaint as buntáistí cánach.

21. Cuireadh tús leis an anailís theicniúil ar an togra sa chéad seimeastar de 2022, bhí plé ag na toscaireachtaí bunaithe ar na téacsanna comhréitigh agus ar na nótaí cúlra a d'ullmhaigh na hUachtaránachtaí as a chéile[17]. Seo a leanas na saincheisteanna is mó a pléadh: iarmhairtí cánach, naisc le reachtaíocht in aghaidh foréigean baile, eintitis eisiata, substaint íosta, frisnéis na toimhde agus laghdú an ualaigh riaracháin, an deimhniú um chónaí cánach agus malartú faisnéise. Tá treoir curtha ar fáil ag an Meitheal Ardleibhéil maidir le tuilleadh oibre a dhéanamh ar shaincheisteanna atá fós gan réiteach. I bprionsabal, thacaigh formhór na dtoscaireachtaí le cuspóirí an togra, ach bhí siad den tuairim go mbeadh gá le tuilleadh obair theicniúil thábhachtach sula bhféadfaí teacht ar chomhaontú.

**15** 9925/24.
**16** 15296/21.
**17** Féach an tuarascáil roimhe seo in 16411/23.

22. Faoi Uachtaránacht na Beilge, cuireadh bealach chun cinn a d'fhéadfadh a bheith ann i láthair ag an Meitheal Ardleibhéil an 11 Meitheamh 2024. Beidh gá le tuilleadh plé chun teacht ar chomhréitigh maidir le saincheisteanna atá fós gan réiteach.

*c) An Treoir Praghsála Aistrithe*

23. An 12 Meán Fómhair 2023 thíolaic an Coimisiún an togra le haghaidh Treorach ón gComhairle maidir le praghsáil aistrithe[18], arb é is aidhm di go bunúsach príomhphrionsabail agus rialacha maidir le praghsáil aistrithe a chomhtháthú i ndlí an Aontais, ar prionsabail agus rialacha iad a chomhaontaítear faoi chuimsiú ECFE.

24. Is é is aidhm don togra reachtach sin ón gCoimisiún 'rialacha cánach a shimpliú trí dheimhneacht chánach a mhéadú do ghnólachtaí san Aontas, rud a laghdódh an riosca a bhaineann le dlíthíocht agus cánachas dúbailte agus na costais chomhlíontachta chomhfhreagracha agus a chuirfeadh feabhas ar iomaíochas agus éifeachtúlacht an Mhargaidh Aonair dá réir'[19]. Cumhdaítear leis an togra sin na príomhghnéithe seo a leanas:

- prionsabal an fheidhmithe neamhspleách a ionchorprú i ndlí an Aontais;
- na príomhrialacha maidir le praghsáil aistrithe a chomhchuibhiú;
- ról agus stádas Threoirlínte ECFE maidir le Praghsáil Aistrithe a shoiléiriú; agus
- an deis a chruthú, laistigh den Aontas, rialacha ceangailteacha comhchoiteanna a leagan síos maidir le hábhair shonracha a bhaineann le praghsáil aistrithe faoi chuimsiú Threoirlínte ECFE maidir le Praghsáil Aistrithe.

25. Tar éis an chéad phlé ghinearálta ar an togra ón gCoimisiún le haghaidh Treoir ón gComhairle maidir le praghsáil aistrithe faoi Uachtaránacht na Spáinne an 20 Deireadh Fómhair 2023, thionóil Uachtaránacht na Beilge trí chruinniú den Mheitheal um Cheisteanna Cánach maidir leis an togra reachtach sin – an 12 Eanáir, an 27 Feabhra agus an 22 Aibreán 2024.

---

18 12954/23 + ADD1.
19 Féach meabhrán míniúcháin an togra ón gCoimisiún in 12954/23.

26. Léiríodh leis an bplé tosaigh maidir leis an togra ón gCoimisiún go dtacaíonn na Ballstáit go ginearálta leis na cuspóirí maidir le deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú a mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm phrionsabal an fheidhmithe neamhspleách san Aontas, chomh maith le stádas Threoirlínte ECFE maidir le Praghsáil Aistrithe agus léirmhíniú coiteann breise ar an TPA ECFE sin a bhfuil sé mar aidhm ag an gCoimisiún a bhaint amach leis an togra sin. Mar sin féin, chuir na Ballstáit in iúl go raibh imní ghinearálta orthu faoi rialacha maidir le praghsáil aistrithe a áireamh i dTreoir, mar a mhol an Coimisiún. Chuir na Ballstáit in iúl freisin gur cúis mhór imní dóibh téacs an togra ón gCoimisiún maidir leis an riosca go bhféadfaí caighdeán dúbailte a chruthú i réimse na praghsála aistrithe, chomh maith leis an gcailliúint solúbthachta atá ag na Ballstáit faoi láthair agus TPA ECFE á gcaibidil agus á gcur i bhfeidhm acu.

27. Bhí sé d'aidhm ag Uachtaránacht na Beilge cur leis na príomhbharúlacha agus na príomhthráchtanna a thug na toscaireachtaí agus d'iarr sí ar na Ballstáit tuairimí a mhalartú maidir leis na príomhábhair seo a leanas:

- stádas Threoirlínte ECFE maidir le Praghsáil Aistrithe;
- an cheist a mhéid a d'fhéadfadh feidhm a bheith ag an Treoir maidir le hidirbhearta trasteorann i ndáil le heintitis agus údaráis chánach neamh-AE;
- an togra ón gCoimisiún a ailíniú a thuilleadh le Samhailchoinbhinsiún Cánach ECFE;
- feidhmiú na rialacha atá beartaithe maidir le praghsáil aistrithe do bhuanbhunaíochtaí agus d'fhiontair chomhlachaithe, lena n-áirítear bealach chun cinn a d'fhéadfadh a bheith ann maidir leis an sainmhíniú ar na fiontair chomhlachaithe;
- raon feidhme féideartha na rialacha nós imeachta maidir le praghsáil aistrithe a d'fhéadfaí a chomhchuibhiú ar leibhéal an Aontais, agus an fiúntas a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis sin;
- an fhéidearthacht ardán plé agus comhordaithe a chruthú idir na Ballstáit maidir le saincheisteanna praghsála aistrithe.

28. Go dtí seo, léiríodh sa phlé a rinneadh sa Mheitheal um Cheisteanna Cánach nach féidir leis na Ballstáit tacú leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh Treoir ón gComhairle maidir le Praghsáil Aistrithe san fhoirm ina bhfuil sé faoi láthair. Dá bhrí sin, beidh tuilleadh oibre ag teastáil chun an bonn a ullmhú le haghaidh dul chun cinn a d'fhéadfaí a dhéanamh.

29. Tugtar faoi deara gur chuir líon mór Ballstát in iúl go bhféadfadh sé a bheith úsáideach 'Ardán AE maidir le Praghsáil Aistrithe' a bhunú - fóram nua maidir leis an 'dlí bog', cuir i gcás an Fóram Comhpháirteach maidir le Praghsáil Aistrithe (nó fóram a bheadh, go pointe áirithe, cosúil leis). D'fhéadfaí leanúint den phlé sin, agus dá mba mhian leis na Ballstáit leanúint ar aghaidh níos faide ar an ábhar sin, is iad na príomhghnéithe a bheadh le plé agus le cinneadh comhdhéanamh an Ardáin (ballraíocht) agus a leagan amach institiúideach, a shainordú (raon feidhme, fad, inniúlacht, táirgí insoláthartha), a rialachas (feidhm an chathaoirligh (roghnaithe nó ceaptha), rialacha vótála agus seirbhísí rúnaíochta), chomh maith le gnéithe ábhartha eile de shubstaint agus/nó de phróiseas (rochtain phoiblí ar dhoiciméid, mar shampla).

*d) <u>An Treoir maidir le Córas Cánach Ceannoifige</u>*

30. An 12 Meán Fómhair 2023 thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena mbunaítear córas Cánach Ceannoifige le haghaidh micrifhiontar, fiontair bheaga agus mheánmhéide[20], arb é is aidhm dó comhlíonadh cánach corparáide a shimpliú do mhicrifhiontair agus do chuideachtaí beaga agus meánmhéide (FBManna) a chinneann oibriú thar theorainneacha laistigh den Aontas. Molann an Coimisiún go bunúsach go leanfadh FBManna a bhfuil buanbhunaíocht acu i mBallstát ('óstach') eile de na rialacha cánach a bhfuil siad ar an eolas fúthu a chur i bhfeidhm (de chuid an Bhallstáit 'baile'), agus toradh inchánach a mbuanbhunaíochtaí i mBallstáit ('óstacha') eile a ríomh agus a thuairisciú d'údaráis chánach an Bhallstáit 'baile'. Bheifí ag súil go laghdódh an socrú sin costais maidir le comhlíonadh le haghaidh gnólachtaí, go spreagfadh sé leathnú trasteorann FBManna agus go gcuideodh sé le cothrom iomaíochta a áirithiú do rannpháirtíocht FBManna sa mhargadh inmheánach.

---

[20] 12951/23 + ADD1 – ADD5.

31. Tar éis an chéad phlé ghinearálta ar an togra ón gCoimisiún faoi Uachtaránacht na Spáinne an 1 Nollaig 2023, thionscain Uachtaránacht na Beilge scrúdú níos mionsonraithe ag na cruinnithe den Mheitheal um Cheisteanna Cánach an 9 Aibreán 2024 (maidir le hAirteagail 2 – 5 agus 7 – 10 den togra) agus an 29 Bealtaine 2024 (maidir leis na hAirteagail eile, go háirithe na hAirteagail sin a bhaineann le riar nós imeachta an Chórais Cánach Ceannoifige, eadhon, Airteagal 6 agus Airteagail 11 go 14). Chuir an Coimisiún faoi bhráid na dtoscaireachtaí freisin achoimre ar thorthaí an ghrúpa neamhfhoirmiúil saineolaithe ó roinnt Ballstát a rinne anailís ar dhúshláin riaracháin a d'fhéadfadh a bheith ann d'údaráis chánach a bhaineann leis an togra seo. Bhí an plé sin dírithe ar dhearcadh cuimsitheach a fháil ar shaincheisteanna teicniúla agus ar na buntáistí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an togra.

32. Is féidir a thabhairt faoi deara go dtacaíonn na toscaireachtaí uile leis an gcuspóir ginearálta, is é sin gníomhaíochtaí trasteorann FBManna a éascú. Cé go bhféadfaí tuilleadh plé teicniúil a dhéanamh ar bhonn an togra ón gCoimisiún de réir roinnt Ballstát, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur chuir líon mór toscaireachtaí ábhair imní thromchúiseacha in iúl maidir le roinnt gnéithe den togra ón gCoimisiún, cuir i gcás na dúshláin maidir le pleanáil cánach riaracháin nó ionsaitheach a d'fhéadfadh an Treoir, mar a mhol an Coimisiún í, a chruthú d'údaráis chánach, imní faoin éifeacht a d'fhéadfadh a bheith ar ioncaim chánach na mBallstát, rioscaí a bhaineann le hiomaíochas na margaí intíre (FBManna 'baile' nach roghnaíonn nó nach féidir leo leathnú thar theorainneacha), chomh maith le hargóintí níos ginearálta a bhaineann leis an ualach ar chórais chánach náisiúnta agus a bhaineann le ceannasacht chánach.

33. Tá roinnt Ballstát den tuairim gur cheart plé (treoshuíomh) níos ginearálta a dhéanamh ar an gcomhad sin sula bhféadfar aon dul chun cinn teicniúil breise a dhéanamh. Dá bhrí sin, d'fhéadfaí dul ar aghaidh le tuilleadh oibre a dhéanamh ar an gcomhad sin agus é mar chuspóir plé ardleibhéil a ullmhú maidir leis na roghanna beartais a bheadh le déanamh i ndáil leis an togra sin ón gCoimisiún.

*e) Treoir BEFIT*

34. An 12 Meán Fómhair 2023, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Treoir ón gComhairle maidir le Gnó san Eoraip: Creat le haghaidh Cánachas Ioncaim (BEFIT)[21], arb é is príomhchuspóir dó comhchreat cánach corparáide a fhorbairt do chuideachtaí ilnáisiúnta móra san Aontas. Agus BEFIT á mholadh, tharraing an Coimisiún siar na tograí maidir le Comhbhonn Cánach Corparáideach (Comhdhlúite) (CCTB/CCCTB), a bhí á gcur i láthair ag an gComhairle ó 2016 i leith agus a cuireadh ar feitheamh mar gheall ar an gcaibidlíocht dhomhanda a thosaigh i gcomhthráth leis an athchóiriú dhá cholún (faoi chuimsiú chreat cuimsitheach G20/ECFE maidir le BEPS).

35. Tar éis an togra reachtach sin a [...] chur i láthair den chéad uair le linn théarma Uachtaránacht na Spáinne i Meitheal um Cheisteanna Cánach an 29 Meán Fómhair 2023, chuir Uachtaránacht na Beilge tús le mionanailís ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Cheisteanna Cánach an 28 Bealtaine 2024, inar tionóladh plé níos mionsonraithe maidir leis an gcuid is mó den chéad fiche Airteagal den togra ón gCoimisiún, go príomha maidir lena n-ailíniú a thuilleadh le rialacha Cholún a Dó.

36. Sa phlé a rinneadh go dtí seo, thacaigh na Ballstáit leis na cuspóirí foriomlána maidir le rialacha cánachais chorparáidigh a shimpliú san Aontas agus an t-ualach riaracháin ar ghnólachtaí agus ar údaráis chánach a laghdú. Mar sin féin, cuireadh an iliomad ábhar imní in iúl maidir le cé acu a d'éireodh nó nach n-éireodh leis an Treoir, mar a mhol an Coimisiún, na spriocanna sin a bhaint amach. Go háirithe, cuireadh ábhair imní in iúl go dtí seo maidir le hoibriú na Treorach atá beartaithe le rialacha náisiúnta maidir le cáin chorparáide, rialacha Cholún a Dó agus le *acquis* an Aontais atá ann cheana i réimse an chánachais (mar shampla na bearta frith-mhí-úsáide agus an Treoir maidir le híoschánachas éifeachtach), chomh maith le hábhair imní maidir le raon feidhme agus cinneadh réamhthoradh cánach na ngrúpaí laistigh den raon feidhme.

---

[21] 12965/23 + ADD1 – ADD3.

37. I bhfianaise chineál na n-ábhar imní a cuireadh in iúl, agus roinnt Ballstát ag iarraidh plé polaitiúil freisin, d'fhéadfaí leanúint den anailís theicniúil ar an togra ón gCoimisiún agus é mar chuspóir plé a ullmhú maidir leis na roghanna beartais a bheadh le déanamh i ndáil leis an togra sin ón gCoimisiún.

38. I bhfianaise an méid sin, beidh gá le tuilleadh machnaimh agus le tuilleadh oibre teicniúla, chun na chéad chéimeanna eile sa chaibidlíocht sin a chinneadh le linn théarma na hUachtaránachta atá le teacht.

**2) <u>Cánachas Indíreach</u>**

*a) <u>CBL sa Ré Dhigiteach</u>*

39. An 8 Nollaig 2022, d'eisigh an Coimisiún a phacáiste 'Rialacha CBL don ré dhigiteach', ina raibh trí thogra:

- togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le rialacha CBL don ré dhigiteach[22];
- togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 a mhéid a bhaineann leis na socruithe comhair riaracháin CBL is gá don ré dhigiteach[23]; agus
- togra le haghaidh Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 a mhéid a bhaineann le ceanglais faisnéise le haghaidh scéimeanna áirithe CBL[24].

40. Tá trí chuspóir ag an bpacáiste. Ar an gcéad dul síos, tugann sé faoi na hoibleagáidí tuairiscithe CBL a nuachóiriú trí cheanglais um thuairisciú digiteach a thabhairt isteach bunaithe ar ríomhshonrascadh. Ar an dara dul síos, tá sé beartaithe aige aghaidh a thabhairt ar dhúshláin gheilleagar na n-ardán trí na rialacha CBL is infheidhme a thabhairt cothrom le dáta. Agus ar an tríú dul síos, féachann sé le haghaidh a thabhairt ar an ualach riaracháin trí bhogadh i dtreo clárú aonair CBL.

22 15841/22.
23 15842/22.
24 15843/22.

41. Thug an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a thuairim ar an bpacáiste an 3 Márta 2023[25]. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim ar an bpacáiste an 27 Aibreán 2023[26]. Ghlac Parlaimint na hEorpa a tuairim ag an seisiún iomlánach a bhí aici an 22 Samhain 2023[27].

42. Thíolaic an Coimisiún a phacáiste ag cruinniú den Mheitheal le linn Uachtaránacht na Seice, agus chuir Uachtaránacht na Sualainne tús lena chuid oibre ar an bpacáiste, lena n-áirítear téacsanna comhréitigh maidir le gach ceann de na trí ghné de na tograí, ar dhíol sásaimh do na toscaireachtaí iad mar bhonn láidir le haghaidh tuilleadh oibre.

43. Chun an obair bhreise ar an gcomhad seo a stiúradh, bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle an 16 Meitheamh 2023 maidir leis na tograí, a d'ullmhaigh an Mheitheal Ardleibhéil an 1 Meitheamh 2023. Le linn na díospóireachta, ba dhíol sásaimh i gcoitinne do na hairí treoirlínte na dtograí ón gCoimisiún agus an dul chun cinn a rinneadh faoi Uachtaránacht na Sualainne. D'iarr roinnt mhaith airí freisin go mbeadh solúbthacht ann maidir le creataí tuairiscithe dhigitigh intíre agus maidir leis an réiteach chun ról níos mó a thabhairt d'ardáin i mbailiú CBL.

---

[25] 7071/23.

[26] Tuairim Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, *VAT in the Digital Age* [CBL sa Ré Dhigiteach], ECO/606, https://webapi2016.eesc.europa.eu/v1/documents/EESC-2022-06315-00-00-AC-TRA-GA.docx/content

[27] Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 22 Samhain 2023 ar an togra le haghaidh treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le rialacha CBL don ré dhigiteach, https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-9-2023-0421_GA.pdf; Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 22 Samhain 2023 ar an togra le haghaidh rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 a mhéid a bhaineann leis na socruithe comhair riaracháin CBL is gá don ré dhigiteach, https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-9-2023-0422_GA.pdf.

44. Lean Uachtaránacht na Spáinne agus Uachtaránacht na Beilge den obair bunaithe ar threoirlínte ón gComhairle:

a) maidir le ceanglais tuairiscithe dhigitigh agus ríomhshonrascadh, comhlánaíodh an togra ón gCoimisiún le creat ar an leibhéal náisiúnta lena n-áirithítear cáilíocht na sonraí a áirítear i ríomhshonraisc, agus solúbthacht ann chun an creat sin a oibríochtú. Tugadh an rogha do na Ballstáit freisin custaiméirí a dhíolmhú ó thuairisciú sonraí. Cuireadh an spriocdháta chun an córas ríomhshonrasctha agus ceanglais tuairiscithe dhigitigh laistigh den Aontas a chur chun feidhme siar ar feadh dhá bhliain go leith (Iúil 2030), ós rud é go mbeidh infheistíochtaí tábhachtacha TF i gceist leo sin. Na Ballstáit sin a bhfuil oibleagáid tuairiscithe intíre bunaithe ar idirbhearta i bhfeidhm acu cheana féin, tugadh am breise dóibh chun na forálacha maidir le ríomhshonrascadh agus tuairisciú intíre a chomhlíonadh.
b) maidir le forálacha gheilleagar na n-ardán, coigeartaíodh an sainmhíniú ar chóiríocht ghearrthéarmach a fháil ar cíos chun go mbeadh na Ballstáit in ann aghaidh a thabhairt ar shainiúlachtaí náisiúnta an chánachais in earnáil na cóiríochta tríd an dlí náisiúnta, ós rud é nach bhfeictear saobhadh iomaíochta i ngach Ballstát idir na hardáin agus earnáil na n-óstán. I ndáil leis sin, tugadh isteach féidearthacht do na Ballstáit cosc a chur ar fheidhm maidir le fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) a bheith ag an gcóras maidir le soláthróirí measta.
c) maidir le clárú aonair CBL, níor choinnigh an Chomhairle na gnéithe nua uile a mhol an Coimisiún. Níor tacaíodh le leathnú na forála maidir le 'soláthróir measta' (ina gcuirtear an fhreagracht maidir le CBL a bhailiú ar ardáin a éascaíonn idirbhearta in ionad soláthróirí foluiteacha ) chuig gach earra a sholáthraítear trí ardáin agus chuig aistrithe earraí dílse, agus níor chomhaontaigh na toscaireachtaí leis na hathruithe ar an scéim corrlaigh le haghaidh saothair ealaíne agus seandachtaí. Thairis sin, mar gheall, den chuid is mó, ar fhadhbanna forfheidhmiúcháin tuartha, níor chomhaontaigh na toscaireachtaí ionad ilfhreastail allmhairiúcháin a dhéanamh éigeantach. Breithneofar réiteach malartach chun úsáid an ionaid ilfhreastail allmhairiúcháin a dhreasú faoi chuimsiú na ngnéithe CBL den athchóiriú ar Chód Custaim an Aontais, atá á phlé sa Chomhairle faoi láthair freisin.

45. Faoi Uachtaránacht na Beilge, tionóladh cúig chruinniú den Mheitheal um Cheisteanna Cánach agus cruinniú amháin den Mheitheal Ardleibhéil mar ullmhúchán don chruinniú a bheidh ag an gComhairle (Ecofin) an 14 Bealtaine 2024. Ag an gcruinniú sin, bhí toscaireacht amháin nach raibh in ann aontú leis na téacsanna comhréitigh ón Uachtaránacht a cuireadh isteach lena gcomhaontú, mar gheall ar agóidí i ndáil leis na codanna den togra a bhaineann le geilleagar na n-ardán.

46. Ag an gcruinniú a bhí ag Ecofin an 21 Meitheamh, ní raibh na toscaireachtaí uile in ann tacú le téacs comhréitigh athbhreithnithe maidir leis an dréacht-Treoir leasaitheach.

*b)* *Athbhreithniú ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh*

47. An 14 Iúil 2021, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena ndéantar athstruchtúrú ar chreat an Aontais le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas (athmhúnlú)[28], ('togra le haghaidh Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh').

48. Is cuid den phacáiste 'Oiriúnach do 55' é an togra le haghaidh Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh[29], arb é is aidhm dó spriocanna uaillmhianacha an Aontais a chur chun feidhme, is é sin laghdú 55 % ar a laghad a dhéanamh ar astaíochtaí faoi 2030 le hais leibhéil 1990 agus an aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050. Is éard atá sa phacáiste sraith de thograí idirnasctha, ar tograí iad uile a spreagann an sprioc chéanna; aistriú cóir, iomaíoch agus glas a áirithiú faoi 2030 agus ina dhiaidh sin.

49. Tá sé d'aidhm ag an togra le haghaidh Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh na cuspóirí seo a leanas a bhaint amach:

a) creat oiriúnaithe a sholáthar a rannchuidíonn le spriocanna 2030 an Aontais agus leis an aeráidneodracht faoi 2050 i gcomhthéacs an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip. Is éard a bheadh i gceist leis sin an cánachas ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas a ailíniú le beartais fuinnimh, chomhshaoil agus aeráide an Aontais, rud a chuirfeadh le hiarrachtaí laghdaithe astaíochtaí an Aontais;

b) creat a chur ar fáil lena gcaomhnaítear agus lena bhfeabhsaítear margadh inmheánach an Aontais trí raon feidhme na dtáirgí fuinnimh agus struchtúr na rátaí a thabhairt cothrom le dáta agus trí chuíchóiriú a dhéanamh ar an úsáid a bhaineann na Ballstáit as díolúintí agus laghduithe cánach; agus

c) an acmhainneacht ioncam a ghiniúint do bhuiséid na mBallstát a chaomhnú.

28 10872/21.
29 10849/21.

50. An 17 Meitheamh 2022, thug an Chomhairle (Ecofin) dá haire an tuarascáil ar dhul chun cinn ón Uachtaránacht i ndáil leis an togra le haghaidh Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh[30]. An 6 Nollaig 2022, bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle (Ecofin) faoin togra le haghaidh Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh agus thug sí treoir pholaitiúil maidir leis an mbealach chun cinn[31]. Tríd is tríd, thacaigh na hAirí le cur chuige na hUachtaránachta, a bhí níos solúbtha, agus d'iarr siad go dtiocfaí ar réitigh ar shaincheisteanna oscailte. Agus an treoir pholaitiúil á cur san áireamh, leanadh den anailís theicniúil.

51. Ag tógáil ar an dul chun cinn a rinne na hUachtaránachtaí roimhe seo, lean Uachtaránacht na Beilge den obair ar an athbhreithniú ar ETD. Rinneadh anailís ar an gcomhad sa Mheitheal um Cheisteanna Cánach an 29 Feabhra, an 13 Márta agus an 25 Aibreán. Ina theannta sin, bhí seisiún tuairimíochta ag an Meitheal Ardleibhéil an 26 Márta. D'ullmhaigh an Uachtaránacht téacsanna comhréitigh iomlána, trí huaire, agus thíolaic sí téacsanna comhréitigh páirteacha freisin ina raibh dréachtú malartach féideartha le haghaidh airteagail áirithe.

52. Rinneadh anailís ar na saincheisteanna a bhí fós gan réiteach, agus díríodh ar na saincheisteanna seo a leanas: cánachas ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas a úsáidtear in earnálacha na heitlíochta agus na mara, innéacsú íosleibhéal cánachais, sos éigeandála i gcás méaduithe eisceachtúla ar phraghsanna fuinnimh, bithmhais. D'athoscail na toscaireachtaí roinnt saincheisteanna, mar shampla cánachas ar tháirgí measctha, idirdhealú idir úsáid tráchtála agus neamhthráchtála táirgí fuinnimh a úsáidtear mar thiomántáin agus cánachas ar dhramhaíl. Arna iarraidh sin do na toscaireachtaí, bhí idirthréimhsí fada sa téacs comhréitigh ón Uachtaránacht agus bhí deis ag na Ballstáit díolúintí iomlána nó díolúintí páirteacha a sholáthar d'earnálacha agus do sheirbhísí áirithe. Leis an téacs comhréitigh is déanaí, mheas an Uachtaránacht go ndearna sí a dícheall cothromaíocht íogair a aimsiú idir na tuairimí éagsúla agus aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní a bhí fós ann. Dá ndéanfaí tuilleadh modhnuithe, mar a d'iarr roinnt toscaireachtaí, ba lú tacaíocht a bheadh ann ó roinnt toscaireachtaí eile.

**30** 9874/22.
**31** 14736/22.

53. Dá bhrí sin, d’iarr an Uachtaránacht ar na toscaireachtaí an téacs comhréitigh a mheas mar phacáiste agus solúbthacht a léiriú. Mhol an Uachtaránacht, dá nglacfadh na toscaireachtaí go fabhrach leis an téacs comhréitigh, go ndéanfadh sí cruinnithe breise a sceidealú chun an téacs a mhionchoigeartú sula n-ardófaí go dtí an leibhéal polaitiúil é. Mar sin féin, bunaithe ar an bplé a rinneadh ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Cheisteanna Cánach i mí Aibreáin, thug an Uachtaránacht dá haire go raibh difríochtaí suntasacha fós ann idir seasaimh na dtoscaireachtaí agus nár ghlac na toscaireachtaí go fabhrach leis an téacs comhréitigh ón Uachtaránacht.

54. D’éirigh leis an Uachtaránacht dul chun cinn mór a dhéanamh ach tá gá le tuilleadh oibre chun teacht ar théacs comhréitigh a bheadh inghlactha ag na toscaireachtaí uile.

**3) An comhar riaracháin i réimse an chánachais**

*a) Malartú uathoibríoch faisnéise a bhaineann le cáin le dlínsí nach dlínsí de chuid an Aontais iad*

55. Chuir Uachtaránacht na Beilge chun cinn an obair maidir le rialacha cosanta sonraí pearsanta a chur i bhfeidhm (go háirithe – RGCS) i ndáil le malartú uathoibríoch faisnéise (dá ngairtear ‘MUF’ anseo feasta) le dlínsí nach dlínsí de chuid an Aontais iad. Chuir an obair sin leis an bplé a rinneadh ar na hábhair sin le linn na dtéarmaí uachtaránachta roimhe seo[32].

56. Cé go dtagann na saincheisteanna sin faoi inniúlacht na mBallstát, meastar go bhfuil sé úsáideach ag an gcéim seo leanúint den obair chomhordaithe sa réimse sin. Táthar ag dréim, dá bhrí sin, go mbreathnófar go rialta ar na saincheisteanna sin sa Mheitheal um Cheisteanna Cánach, de réir mar is gá.

[32] Féach 10710/23, pointí 31–32, 15506/22, pointí 46–48; 9970/21, pointí 81 - 82 ; 14651/21, pointí 50 - 59.

*b)* *Comhaontuithe idir an tAontas agus Andóra, Lichtinstéin, Monacó, San Mairíne agus an Eilvéis*

57. Tar éis an phlé ag an Meitheal um Cheisteanna Cánach (Ardleibhéal) a tionscnaíodh in 2023[33], chuir an Coimisiún Moladh faoi bhráid na Comhairle an 17 Eanáir 2024 le haghaidh Cinneadh ón gComhairle chun údarú a thabhairt don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht chun leasú a dhéanamh ar na cúig chomhaontú maidir le malartú uathoibríoch faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun comhlíonadh cánach idirnáisiúnta a fheabhsú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise, Prionsacht Lichtinstéin, Prionsacht Andóra, Prionsacht Mhonacó agus Poblacht San Mairíne faoi seach[34].

58. Is é seo a leanas is aidhm don chaibidlíocht atá beartaithe maidir leis na cúig chomhaontú sin a leasú:

(a) a áirithiú go ndéanfar an t-uathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais idir Ballstáit an Aontais agus na cúig thír nach Ballstáit den Aontas iad faoi na cúig chomhaontú faoi seach de chuid an Aontais a ailíniú, ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh, leis an gComhchaighdeán Tuairiscithe nuashonraithe a d'fhorbair ECFE, agus go leanfar den uathmhalartú sin a dhéanamh i gcomhréir leis an gComhchaighdeán Tuairiscithe sin; cuireadh cur chun feidhme na gcomhchaighdeán tuairiscithe nuashonraithe laistigh den Aontas san áireamh i dTreoir 2023/2226;

(b) i gcás inarb iomchuí, na tagairtí dlíthiúla do Threoir 95/46/CE a thabhairt cothrom le dáta le tagairtí do Rialachán (AE) 2016/679.

---

[33] 16411/23, lgh. 17-18.
[34] 5598/24 + ADD 1.

59. Tar éis an chruinnithe a bhí ag an Meitheal um Cheisteanna Cánach (Ardleibhéal) an 7 Feabhra 2024 agus an chruinnithe a bhí ag an Meitheal um Cheisteanna Cánach (Cánachas Díreach) an 7 Márta 2024, chomh maith leis na comhairliúcháin ina dhiaidh sin, bhí na toscaireachtaí uile in ann tacú le téacs comhréitigh an dréachtchinnidh ón gComhairle agus téacs comhréitigh na dtreoracha caibidlíochta. Mar thoradh ar an bplé sa Chomhairle, modhnaíodh an Cinneadh ón gComhairle agus na treoracha caibidlíochta araon i gcomparáid leis an moladh ón gCoimisiún. Ar an gcéad dul síos, sa Chinneadh ón gComhairle, leagtar amach an méid seo a leanas go soiléir anois: (1) cuirtear isteach bunús dlí substainteach (Airteagal 115 CFAE), chun go mbeidh sé i gcomhréir le cásdlí ábhartha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh; (2) déanfar athbhreithniú agus tuilleadh forbartha ar na treoracha caibidlíochta faoi mar is iomchuí ag brath ar éabhlóid na caibidlíochta; (3) déanfar an chaibidlíocht i ndlúthchomhar leis an Meitheal um Cheisteanna Cánach, a ainmnítear mar choiste speisialta de réir bhrí Airteagal 218(4) CFAE; (4) tuairisceoidh an Coimisiún don choiste speisialta agus rachaidh sé i gcomhairle leis ar bhonn rialta; arna iarraidh sin ag an gComhairle, tuairisceoidh an Coimisiún don Chomhairle maidir le seoladh agus toradh na caibidlíochta, lena n-áirítear i scríbhinn. Ar an dara dul síos, sna treoracha caibidlíochta, déantar tagairt do leasú ar an gComhaontú leis an Eilvéis i ndáil le cúnamh chun cánacha díreacha agus indíreacha a bhailiú.

60. An 21 Bealtaine 2024, ghlac an Chomhairle an Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht lena leasaítear na comhaontuithe a bhaineann le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar chomhlíonadh cánach idirnáisiúnta idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise, Prionsacht Lichtinstéin, Prionsacht Andóra, Prionsacht Mhonacó agus Poblacht San Mairíne faoi seach,[35] agus tháinig sí ar chomhaontú maidir leis na treoracha caibidlíochta[36].

[35] 9543/24, 9245/24.
[36] 9245/24 ADD 1.

*c)* *Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua maidir le comhar riaracháin, calaois a chomhrac agus éilimh a aisghabháil sa réimse CBL*

61. I mí Dheireadh Fómhair 2023, chuir an Coimisiún na toscaireachtaí ar an eolas faoin gcaibidlíocht le húdaráis na hIorua chun leasú a dhéanamh ar an gcomhaontú maidir le comhar riaracháin, calaois a chomhrac agus éilimh a aisghabháil sa réimse CBL, agus chuaigh sé i gcomhairle leo maidir leis na dréachtleasuithe ar an gcomhaontú.

62. Ós rud é go bhféadfadh tromlach an-leathan de na toscaireachtaí teacht ar chomhaontú maidir leis na dréachtleasuithe, chinn an Uachtaránacht gurb é an chéad chéim eile ná fanacht leis na tograí ón gCoimisiún maidir leis an gcomhaontú faoi Airteagal 218 CFAE a shíniú agus a thabhairt i gcrích.

63. An 24 Samhain 2023, d'eisigh an Coimisiún a thograí. Tar éis comhairliúchán i scríbhinn nach ndearna na toscaireachtaí aon agóid ina choinne, ghlac an Chomhairle an Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú an Chomhaontaithe an 20 Feabhra agus foilsíodh é san Iris Oifigiúil an 28 Feabhra 2024.

64. An 10 Aibreán 2024, d'eisigh Parlaimint na hEorpa a tuairim maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, rud a réitigh an bealach don Chomhairle an Comhaontú a thabhairt i gcrích.

*(d)* *An clár Fiscalis don chomhar i réimse an chánachais*

65. Is é is aidhm don chlár Fiscalis tacú le húdaráis chánach feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, iomaíochas a chothú, calaois chánach, imghabháil cánach agus seachaint cánach a chomhrac agus bailiú cánach a fheabhsú. I mí an Mheithimh 2024, chuir an Coimisiún an Mheitheal Ardleibhéil ar an eolas faoin Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn 2023 maidir le Clár Fiscalis[37].

**37** 9294/24.

## C. COMHORDÚ NA mBEARTAS CÁNACH (gníomhaíochtaí neamhreachtacha)

Tugadh chun cinn obair thábhachtach i réimse chomhordú na mbeartas cánach (lasmuigh de raon feidhme reachtaíocht an Aontais i réimse na cánach), mar a leagtar amach thíos.

### 1) An Mheitheal um an gCód Iompair (cánachas gnó)

66. Tháinig an Mheitheal um an gCód Iompair le chéile an 7 Feabhra agus an 10 Meitheamh 2024, agus tionóladh cruinnithe na bhfoghrúpaí an 19 Eanáir, an 1 Márta, an 24 Aibreán agus an 23 Bealtaine 2024.

67. D'fhormheas an Chomhairle an t-athbhreithniú leathbhliantúil ar liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críocha cánach an 20 Feabhra 2024, agus foilsíodh é san Iris Oifigiúil ar an 26 Feabhra 2024[38].

68. Is féidir teacht ar thuarascáil níos fairsinge sa tuarascáil tiomnaithe leathbhliantúil ón Meitheal um an gCód Iompair[39].

### 2) Rún ó na Náisiúin Aontaithe maidir le comhar idirnáisiúnta cuimsitheach éifeachtach a chur chun cinn i gcúrsaí cánach ag na Náisiúin Aontaithe

69. An 30 Nollaig 2022, ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, go foirmiúil, Rún maidir le comhar idirnáisiúnta cuimsitheach éifeachtach a chur chun cinn i gcúrsaí cánach (Rún 77/244). Leis an rún sin, d'iarr Comhaltaí na Náisiún Aontaithe ar Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe tuarascáil a ullmhú (a phléigh an Comhthionól Ginearálta ag an 78ú seisiún a bhí aige i mí Mheán Fómhair 2023) chun anailís a dhéanamh ar na hionstraimí dlí idirnáisiúnta ábhartha uile, ar dhoiciméid eile agus ar mholtaí eile lena dtugtar aghaidh ar chomhar idirnáisiúnta cánach, agus na socruithe idirnáisiúnta agus iltaobhacha atá ann cheana á gcur san áireamh go hiomlán. Chuige sin, sheol an tArd-Rúnaí comhairliúchán poiblí i mí Feabhra 2023.

---

[38] IO C, 2024/1804, 26.2.2024, lgh. 1-4.

[39] 11151/24.

70. An 8 Márta 2023, tar éis chruinniú na gComhairleoirí/Ataiséanna Fioscacha, thacaigh na Ballstáit le haighneacht ón Aontas Eorpach agus óna Bhallstáit, bunaithe ar thogra ón gCoimisiún. Tar éis an tacaíocht sin a fháil, scaip agus d'fhormheas an Mheitheal Ardleibhéil dréachtpháipéar trí nós imeachta neamhfhoirmiúil an tosta an 15 Márta 2023. Shínigh Cathaoirleach na Meithle Ardleibhéil an dréachtpháipéar ina dhiaidh sin agus chuir toscaireachtaí an Aontais agus na Sualainne go comhpháirteach faoi bhráid Rúnaíocht na Náisiún Aontaithe é[40].

71. Le linn an plé a rinneadh ag an Meitheal Ardleibhéil an 25 Aibreán 2023, chuir na toscaireachtaí in iúl go dtacaíonn siad leis an gcomhordú atá á dhéanamh, mar is ábhartha, ar sheasaimh maidir le comhar idirnáisiúnta cánach a bheith á dhéanamh ag Ballstáit an Aontais agus a bheidh le cur in iúl ag na Náisiúin Aontaithe, ach dúbailt na hoibre a bheith á seachaint ag an am céanna. Tugadh sainordú don Mheitheal Ardleibhéil leanúint den fhormhaoirseacht ar a bhfuil ag tarlú.

72. Foilsíodh an tuarascáil ó Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe maidir le comhar idirnáisiúnta cánach atá cuimsitheach agus éifeachtach a chur chun cinn an 8 Lúnasa 2023.[41] Tá anailís sa tuarascáil ar na socruithe atá ann cheana maidir le comhar idirnáisiúnta cánach agus fiosraíodh inti roghanna éagsúla chun comhar idirnáisiúnta cánach a fheabhsú, agus béim á leagan ar chuimsitheacht.

73. An 15 Meán Fómhair 2023, ag an gcruinniú a bhí ag na hAtaiséanna Fioscacha, rinneadh dréacht a mheas le haghaidh seasamh thar ceann an Aontais agus a Bhallstát maidir le comhar cánach ag na Náisiúin Aontaithe ina léirítear conclúidí na tuarascála. Ghlac an Chomhairle an seasamh an 28 Meán Fómhair 2023.[42]

74. An 22 Samhain 2023, ghlac Dara Coiste na Náisiún Aontaithe dréachtrún athbhreithnithe ó Ghrúpa na hAfraice, dar teideal *Promotion of inclusive and effective international tax cooperation at the United Nations* [Comhar idirnáisiúnta cánach cuimsitheach agus éifeachtach a chur chun cinn ag na Náisiúin Aontaithe] (A/C.2/78/L.18/Rev.1), trí vóta tromlaigh. Roghnaigh an rún rogha 2 den tuarascáil ó Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe, lena gcinntear *inter alia* Coiste Idir-Rialtasach *ad hoc* neamhiata faoi stiúir na mBallstát a bhunú chun Téarmaí Tagartha a dhréachtú i gcomhair Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Comhar Idirnáisiúnta Cánach.

---

40 7564/23.

41 https://financing.desa.un.org/document/promotion-inclusive-and-effective-international-tax-cooperation-united-nations-a78235

42 12967/23

75. Ag an Meitheal Ardleibhéil an 23 Samhain 2023, thug an Uachtaránacht agus an Coimisiún tuairisc ar an dul chun cinn sa chaibidlíocht ag an Dara Coiste den Chomhthionól Ginearálta ag an ochtú seisiún is seachtó dá chuid. Tar éis an mholta ó Dhara Coiste na Náisiún Aontaithe, an 22 Nollaig 2023, ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe Rún 78/230 maidir le 'Comhar cánach idirnáisiúnta cuimsitheach agus éifeachtach a chur chun cinn ag na Náisiúin Aontaithe' trí vótáil trí thromlach.

76. Ag an Meitheal um Cheisteanna Cánach an 26 Eanáir 2024, bhí seisiún tuairimíochta tosaigh ag na toscaireachtaí maidir le ról an Aontais agus a Bhallstáit [...] san obair a tionscnaíodh le Rún 78/230 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe i ndáil le 'Comhar idirnáisiúnta cánach cuimsitheach agus éifeachtach a chur chun cinn ag na Náisiúin Aontaithe'.

77. Ag an gcruinniú a bhí aici an 7 Feabhra, chuir Uachtaránacht na Beilge an Mheitheal Ardleibhéil ar an eolas faoi staid na himeartha ag na Náisiúin Aontaithe agus phléigh na toscaireachtaí comhsheasamh a d'fhéadfadh a bheith ann (ón Aontas agus óna Bhallstáit) maidir leis an obair atá ar na bacáin ag an gCoiste *ad hoc*. Ag an gcruinniú sin, tháinig na toscaireachtaí ar chomhaontú maidir le trí theachtaireacht choiteanna mar threoirphrionsabail ghinearálta le haghaidh rannpháirtíocht chuiditheach le linn an chéad seisiúin eagrúcháin i Nua-Eabhrac ón 20 go dtí an 22 Feabhra.

78. Tar éis an tseisiúin sin agus na hiarrata ó Chathaoirleach an Choiste *ad hoc* ionchur i scríbhinn maidir leis na dréacht-Téarmaí Tagartha a chur ar fáil faoin 15 Márta, d'eagraigh an Uachtaránacht cruinniú Ataiséanna Fioscacha an 11 Márta chun straitéis a phlé agus a bhunú in oirchill na caibidlíochta atá ar na bacáin. Ar bhonn an aiseolais a sheol na toscaireachtaí, d'ullmhaigh an Uachtaránacht dréacht-téacs achomair ina leagtar amach prionsabail agus bosca uirlisí ina bhfuil ábhair a d'fhéadfadh a bheith mar threoir do na hionchuir atá le cur faoi bhráid Rúnaíocht na Náisiún Aontaithe. Ina dhiaidh sin, d'úsáid roinnt Ballstát an téacs achomair sin ina n-ionchuir i scríbhinn, agus thíolaic roinnt Ballstát tograí maidir le hábhair substainte a d'fhéadfaí a áireamh sna dréacht-Téarmaí Tagartha.

79. Ag an Meitheal Ardleibhéil an 26 Márta 2024, chuir na toscaireachtaí de chúram ar na hAtaiséanna Fioscacha leanúint den phlé maidir le comhsheasamh a d'fhéadfadh a bheith ann (ón Aontas agus óna Bhallstáit) roimh an gcéad seisiún suntasach den Choiste *ad hoc* i Nua-Eabhrac ón 26 Aibreán go dtí an 8 Bealtaine 2024.

80. An 12 Aibreán 2024, mheas na hAtaiséanna Fioscacha dréachtseasamh thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát don chéad seisiún suntasach den Choiste *ad hoc* (Nua-Eabhrac, an 26 Aibreán go dtí an 8 Bealtaine 2024).

81. An 25 Aibreán 2024, d'fhormheas [...] an Chomhairle an seasamh thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát don chéad seisiún suntasach den Choiste *ad hoc*.[43]

82. Chuir toscaireacht an Aontais chuig na Náisiúin Aontaithe an seasamh comhaontaithe thar ceann an Aontais agus a Bhallstát agus chuir an Bheilg an seasamh sin i láthair mar an Ballstát i mbun Uachtaránacht na Comhairle thar ceann Bhallstáit an Aontais le linn oscailt an chéad seisiúin shuntasaigh den Choiste *ad hoc* an 26 Aibreán 2024. Thacaigh Ballstáit eile a bhí rannpháirteach sa seisiún leis an gcomhsheasamh agus rinne siad é a chomhlánú. Le linn an tseisiúin, d'oibrigh Uachtaránacht na Beilge, toscaireacht an Aontais agus seirbhísí an Choimisiúin i ndlúthchomhar le chéile chun cruinnithe rialta comhroinnte faisnéise agus comhordúcháin de chuid an Aontais a reáchtáil. Ceadaíodh do thoscaireachtaí ó na príomhchathracha agus do chomhairleoirí/ataiséanna fioscacha atá lonnaithe sa Bhruiséil a bheith rannpháirteach ar líne freisin. Tionóladh na cruinnithe sin mar mhalairt ar chruinnithe ghrúpa réigiúnach WEOG na Náisiún Aontaithe, agus ina dhiaidh sin tugadh Ballstáit uile an Aontais cothrom le dáta maidir leis an bplé is déanaí. Reáchtáladh gníomhaíochtaí for-rochtana chuig tríú tíortha chomh maith le cruinnithe le páirtithe leasmhara ábhartha ar nós eagraíochtaí na sochaí sibhialta, mar a pléadh ar an láthair.

83. An 11 Meitheamh 2024, cuireadh an Mheitheal Ardleibhéil ar an eolas faoi thoradh an Choiste *ad hoc* agus faoin mbealach chun cinn sa chaibidlíocht leis na Náisiúin Aontaithe. Chuir an Uachtaránacht Comhairle Ecofin mhí an Mheithimh ar an eolas i ndáil leis sin.

---

[43] 9129/24 REV 1.

## 3) Fogha na Rúise faoin Úcráin

84. I bhfianaise fhogha na Rúise faoin Úcráin le rannpháirtíocht na Bealarúise, rinne Meitheal na Comhairle um Cheisteanna Cánach scrúdú ar roinnt beart a d'fhéadfadh na Ballstáit a shaothrú chun tacú le bearta sriantacha an Aontais a chur chun feidhme (maidir leis an Rúis agus leis an mBealarúis) agus aon teacht timpeall orthu a chosc trí ionstraimí comhair chánach.

85. Ar an gcéad dul síos, d'aontaigh na Ballstáit go mba ghá deireadh a chur le gach malartú faisnéise chun críoch cánach le Cónaidhm na Rúise agus leis an mBealarúis. Ar an dara dul síos, scrúdaigh na Ballstáit roinnt beart arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar úsáid an chomhair riaracháin agus ionstraimí eile i réimse na cánach i gcomhthéacs fhorfheidhmiú na mbeart sriantach.

86. Sa chomhthéacs sin, leanfaidh an Mheitheal um Cheisteanna Cánach lena faireachán ar a bhfuil ag tarlú maidir leis na bearta sin, lena n-áirítear an obair a dhéanfar laistigh den ardán sealadach a chruthaigh an Coimisiún an 3 Meitheamh 2022, i bhfoirm foghrúpa den Tascfhórsa 'Calcadh agus Coigistiú' maidir le forfheidhmiú cánach.

87. Ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal Ardleibhéil an 11 Meitheamh 2024, thug na toscaireachtaí dá n-aire an nuashonrú a chuir an Coimisiún ar fáil maidir le hobair an fhoghrúpa sin.

## 4) A bhfuil ag titim amach ar bhonn idirnáisiúnta

88. Cuireadh an Mheitheal Ardleibhéil ar an eolas go rialta faoi fhorbairtí idirnáisiúnta ábhartha i réimse an bheartais cánach. Go háirithe, cuireadh na toscaireachtaí ar an eolas go rialta faoin obair leanúnach agus faoi staid na himeartha i gCreat Cuimsitheach ECFE/G20 maidir le creimeadh an bhoinn agus aistriú brabúis, agus faoi ghnéithe den bheartas cánach a chumhdaítear i gcruinnithe Airí Airgeadais G20 agus Ghobharnóirí na mBanc Ceannais. Cuireadh na toscaireachtaí ar an eolas freisin faoi na hábhair a pléadh i Siompóisiam Cánachais Idirnáisiúnta G20 a bhí ar siúl in Brasília an 21 go dtí an 23 Bealtaine 2024.

89. Cuireadh saincheisteanna a bhaineann leis an Acht um Chomhlíontacht Cánach Cuntas Eachtrach de chuid na Stát Aontaithe (FATCA) faoi bhráid na dtoscaireachtaí go rialta ag cruinnithe den Mheitheal Ardleibhéil. A mhéid a bhaineann le saincheist na *accidental Americans* [Meiriceánaigh de thaisme], mar a thugtar orthu, d’eisigh Seirbhís Ioncaim Inmheánach na Stát Aontaithe fógra, ag deireadh 2022, lena maolaítear go sealadach na rialacha maidir le cinneadh a dhéanamh go bhfuil duine neamhchomhlíontach de dheasca uimhreacha aitheantais chánach a bheith ar iarraidh do na blianta 2022, 2023 agus 2024. I mí Eanáir 2023, cuireadh an maolú sin faoi bhráid na Meithle Ardleibhéil. I mí Aibreáin 2023, chuir comhaltaí na Meithle Ardleibhéil i bhfios go láidir go bhfuil gá le réiteach buan agus níos leithne chun cosc a chur ar bheith ag déileáil le hinstitiúidí airgeadais san Aontas mar institiúidí neamhchomhlíontacha mar gheall ar uimhreacha aitheantais chánach a bheith ar iarraidh i gcásanna nach féidir leis na hInstitiúidí Airgeadais sin uimhreacha aitheantais chánach a bhailiú. I mí Iúil 2023, rinne na toscaireachtaí sa Mheitheal Ardleibhéil moladh litir a sheoladh chuig na Stáit Aontaithe, inar áitíodh ar na Stáit Aontaithe réiteach níos buaine a chur ar fáil a mbeadh raon feidhme níos leithne aige a luaithe is féidir. Dá bhrí sin, i mí Mheán Fómhair 2023, seoladh litir chuig na Stáit Aontaithe thar ceann na Meithle Ardleibhéil. I mí an Mhárta 2024, cuireadh an Mheitheal Ardleibhéil ar an eolas faoi na forbairtí is déanaí maidir le FATCA. I mí an Mheithimh 2024, cuireadh an Mheitheal Ardleibhéil ar an eolas faoin gcruinniú cuiditheach a bhí ar siúl idir Uachtaránacht na Beilge agus Státchiste na Stát Aontaithe an 22 Bealtaine 2024.

## 5) <u>Cáin i réimsí neamhchánach (TINTA)</u>

90. An 19 Samhain 2013, chomhaontaigh an Mheitheal Ardleibhéil gur cheart forálacha cánach i gcomhaid neamhchánach as a dtagann aon athruithe ar dhlíthe cánach nó ar chleachtais riaracháin na mBallstát nó a mbeadh iarmhairtí eile acu ar chánachas teacht faoi ‘sásra foláirimh neamhfhoirmiúil’. Tá an cur chuige córasach a bhaineann leis na cásanna sin a chur faoi bhráid na saineolaithe cánach, le tacaíocht ón Ardrúnaíocht, fós á áirithiú go dtugtar foláireamh do na Ballstáit go tráthúil, lena n-áirítear maidir le hidirbheartaíocht maidir le comhaontuithe idir an tAontas agus tríú tíortha. Áirítear ar na saincheisteanna a ndearna an Mheitheal Ardleibhéil faireachán orthu na Conclúidí ón gComhairle maidir le cumhachtú eacnamaíoch agus neamhspleáchas airgeadais na mban mar bhealach chun comhionannas inscne substainteach a bhaint amach, na Conclúidí ón gComhairle maidir le taidhleoireacht an Aontais lena gcuirtear an t-aistriú glas chun cinn agus lena dtacaítear le cur chun feidhme na ngealltanas domhanda, an obair leanúnach ar Ráiteas Comhpháirteach a d’fhéadfadh a bheith ann ón gComhairle agus ón gCoimisiún i ndáil leis an Dearbhú Comhpháirteach Polaitiúil idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe maidir le Córais Chánach Dhíobhálacha a Chomhrac, agus an pacáiste maidir leis an sciúradh airgid a chomhrac.

## 6) **Eile**

91. Ag cruinniú neamhfhoirmiúil den Mheitheal Ardleibhéil, rinneadh plé freisin maidir leis na gnéithe cánach a bhaineann le margadh aonair an Aontais don daonchairdeas, agus maidir leis na saincheisteanna cánach a bhaineann leis an teilea-obair trasteorann agus/nó leis an gcianobair, go sonrach maidir le cáin a ghearradh ar phá agus ar thuarastail agus maidir le buanbhunaíochtaí a bheith ann sna cásanna sin.